

Ábhar

Scéalta bleachtairachta

Téacs Físe

Anna Heussaff, úrscéalaí, ag labhairt faoi scéalta bleachtairachta.

Forbairt Bhreise

Alt le hAlan Titley faoi Harry Potter (*The Irish Times*, 26 Iúil 2007).

Le caoinchead ó *The Irish Times* agus ón údar.

Ní cúrsa teagaisc ná plan ranga atá i gceist leis an ábhar samplach seo. Is **sampla** atá ann de na cineálacha tascanna a d'fhéadfaí a bhunú ar théacsanna éagsúla d'fhonn na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar **in oiriúint dá gcuid mac léinn féin**.



Scéalta Bleachtaireachta

Réamhobair

Beidh tú ag féachaint ar mhír fise ina bhfuil Anna Heussaff, úrscéalaí, ag labhairt faoi scéalta bleachtaireachta. Sula bhféachfaidh tú ar an mír, déan an réamhobair thíos.

Plé

- Cén rud é scéal bleachtaireachta? Cad iad na gnéithe ba cheart a bheith ann?
- Cé acu is fearr leat – scéalta bleachtaireachta i leabhair nó ar an scáileán?
- An léann tú scéalta bleachtaireachta nó an bhféachann tú ar scannáin bhleachttaireachta? Cad iad na cinn a thaitníonn leat?

Éisteacht

Anois féach ar an mír agus déan iarracht an leagan Gaeilge de na focail agus de na frásaí seo a leanas a aimsiú agus tú ag féachaint uirthi:

- a series of events
- suspicion
- shrewd
- to tackle dangers
- curiosity
- a handful
- adventure tales
- that it doesn't tax you

Anois féach ar an mír arís agus freagair na ceisteanna seo:

- Cad iad na tréithe a luann Anna le scéal bleachtaireachta?
- Cén cur síos a dhéanann sí ar phlota?
- Cad iad na tréithe a luann sí le bleachtaire?
- Cén cur síos a dhéanann sí ar an scíthléitheoireacht?

Feasacht Teanga

- An bhfuil difear idir na focail seo:

fiafraí
in intinn

lorg
ar intinn

ceistiú

- Déan iarracht Gaeilge a chur ar na habairtí seo a leanas:

That's not a book I'd read.

I used to read more when I was younger.

Did you read that book?

I'll read that at the weekend.

Irish-language books aren't often sold in bookshops.

Irish-language books weren't often read in my school.

That new book will probably be widely read.

- Déan liosta aidiachtaí a d'fhéadfá a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar leabhar.
- Déan liosta frásaí a bheadh oiriúnach le cur in iúl gur thaitin nó nár thaitin leabhar leat.

Iarobair

Plé

- Maidir le scíthléitheoireacht, cén cineál léitheoireachta a thaitníonn leatsa?
- Cad atá i gceist, dar leat, leis an téarma *chicklit*? An bhfuil a leithéid ann d'fhir? Cén fáth, dar leat?
- An léann tú irisí? Cad iad na cinn a thaitníonn leat?
- Cén léiriú ar shaol na mban agus ar shaol na bhfear a fhaightear in irisí ban agus fear, dar leat?

Tascanna

- Roghnaigh seánra a thaitníonn leat sa scríbhneoireacht nó i scannáin agus scríobh cuntas ar na tréithe ar leith a bhaineann leis an seánra áirithe sin. Bain úsáid as an gcur síos a dhéanann Anna ar scéalta bleachtairachta mar mhúnla. Smaoinigh ar cheisteanna mar seo: Cad a tharlaíonn sa chineál seo scannáin / leabhair de ghnáth? Cén saghas carachtar a mbíonn ann de ghnáth? Conas a chruthaítear atmaisféar? Cad leis a mbíonn an léitheoir / lucht féachana ag súil?
- Scríobh léirmheas ar iris éigin a léann tú mar scíthléitheoireacht. Déan anailís ar an iris sa léirmheas. Smaoinigh ar cheisteanna mar: Cén pobal léitheoireachta atá ag an iris? Conas a dhéantar freastal ar an bpobal sin? An bhfuil dearcadh ar leith á léiriú san iris faoi rudaí éagsúla?
- Léigh an téacs faoi Harry Potter a scríobh Alan Titley. Cuir líne faoi na focail agus na frásaí nach dtuigeann tú. Ansin déan cinneadh faoi na cinn atá riachtanach chun an téacs a thuiscint. Faigh míniú ar na cinn sin.

- Pléigh na ceisteanna seo a leanas bunaithe ar an téacs:
 - An bhfuil Harry Potter léite agat? An mbeadh aon spéis agat an t-aistriúchán Gaeilge a léamh?
 - Cén fáth a dtaitníonn na leabhair leis an méid sin daoine, dar leat?
 - An aontaíonn tú le hAlan Titley gur ‘éacht de chuid na foilsitheoireachta’ iad úrscéalta J.K. Rowling?
 - Luann an scríbhneoir *Séadna*, ‘Máire’ agus ‘an pobal Duibhneach’. Cé hiad nó cad iad seo?
 - Ní bhfaighidh an leabhar bás, dar leis an scríbhneoir. An aontaíonn tú?
 - ‘...An mó leabhar Gaeilge atá ann arbh fhiú iad a dhó...’ a fhiosraíonn an scríbhneoir. An bhfuil aon leabhar Gaeilge a léigh tusa nár thaitin in aon chor leat?

Téipscript

Cad iad na gnéithe den scéal is tábhachtaí nuair atá scéal bleachtairachta á scríobh agat?

I ngach scéal bleachtairachta tá rudaí áirithe a chaithfidh tarlú. Tá dúnmharú i gceist, dúnmharú nach féidir a mhíniú go simplí – Conas a tharla sé? Cén fáth gur maraíodh an duine seo? Cé a rinne é?, ar ndóigh. Agus mar sin, tá an plota fiorthábhachtach – sraith eachtraí a chaithfear a shní le chéile chun go mbeidh fonn ar an léitheoir a fháil amach cad é a tharlaíonn, agus chun go gcoimeádtar ceisteanna ag imeacht i rith an ama: ‘Cén fáth gur tharla an dúnmharú seo?’ Tá gnéithe eile atá tábhachtach ar ndóigh – tá an t-atmaisféar an-tábhachtach, go mbeadh mistéir agus amhras agus sceon, agus go mbeadh mothú mar seo sa scéal, arís a choimeádann an léitheoir fiosrach i rith an ama. Agus ar ndóigh, tá na carachtair tábhachtach. Bíonn carachtair...bíonn bleachtair i ngach scéal bleachtairachta ar ndóigh, atá chun an mhistéir a réiteach. Agus tá an bleachtair sin de ghnáth...is duine atá géarchúiseach, a chuireann a lán ceisteanna, b’fhéidir, nach gcuireann daoine eile, atá in ann dul i ngleic le contúirtí, mar bíonn contúirtí agus bacanna i gceist agus le sárú. Agus bíonn carachtair eile a bhíonn sórt spéisiúil ionas nach bhfuil tú cinnte cén duine a d’fhéadfadh rud uafásach mar seo a dhéanamh agus cad é a spreagadh. Ach tá sé le tuiscint i gcónaí gur duine cosúil linn féin, gur gnáthdhaoine iad na carachtair ach go bhfuil eachtraí neamhghnácha ag tarlú dóibh.

Nuair a bhíonn tú ag scríobh, más ea, bíonn an léitheoir go mór i d’aighe, agus cé hiad na léitheoirí a bhíonn i gceist agat?

Bhuel bíonn an léitheoir i m’aighe an t-am ar fad, bhuel bíim ag iarraidh an léitheoir a bheith i m’aighe, bíim ag fiafraí díom féin an bhfuil an rud seo spreagúil, an bhfuil an píosa seo atá scríofa agam, an spreagfaidh sé fiosracht, an mbeidh fonn ar an léitheoir an leathanach a chasadh, an bhfuil an scéal...an féidir an scéal a thuiscint, mar bíonn go leor eachtraí mar a dúirt mé fite lena chéile, agus mar sin caithfidh sé a bheith intuigthe*. Caithfear pictiúr a chruthú in intinn an léitheora. Is dócha na léitheoirí atá i gceist ná daoine ar maith leo scéalta a léamh agus ar maith leo dul isteach i saol eile, saol nach gcaitheann siad féin. Agus mar sin, an rud atá i gceist ná scíthléitheoireacht, an sórt léitheoireachta a dhéanfaidh tú ar do chuid laethanta saoire, nó cois tine, sa leaba istoíche, ionas mar a deirim, go n-imíonn tú ó do shaol féin agus cineál tuiscintí a fháil ar shaol, b’fhéidir, nach gcaithfeá féin.

An bhfuil go leor ábhar scíthléitheoireachta ar fáil sa nGaeilge?

Níl go leor scíthléitheoireachta ar fáil sa Ghaeilge, cé go bhfuil feabhas ag teacht ar an scéal le blianta beaga anuas. Má shiúlann tú isteach in aon siopa leabhar feicfidh tú seilfeanna móra fada d’úrséalta Béarla, scéalta bleachtairachta, scéalta grá, scéalta eachtraíochta de chineálacha eile agus níl ach dornán dá

leithéid i nGaeilge. Ach tá feabhas ag teacht ar an scéal, agus is cinnte ó mo thaithí féin mar scríbhneoir go bhfuil éileamh ar a leithéid i measc phobal léitheoireachta na Gaeilge, 'sé sin leabhar a léifeá mar chaitheamh aimsire, go bhfuil, b'fhéidir, ábhar machnaimh ann, go bhfuil carachtair spéisiúla ann ach nach gcuireann sé dua ort, nach gcuireann sé...nach gá duit fiafraí díot féin 'cén bhrí atá le mo shaol?' mar thoradh ar an scéal a léamh.

* 'caithfear é a bheith intuigthe' a deirtear.

Téacs

Tá sé feicthe agam san aerfort, tá sé feicthe agam ar an traein, tá sé feicthe agam ag daoine ag siúl na slí. Bheadh sé feicthe agam ar an trá, dá mbeinnse nó aon duine eile ann. Cad a dhéanfaimid feasta gan Harry Potter, mar tá ráite gurb é seo an deireadh.

Éacht de chuid na foilsitheoireachta is ea na húrscéalta seo de chuid J.K. Rowling. Sásamh de shórt éigin is ea gur diúltaíodh ar dtús di leis an gcomhairle cháiliúil gur cheart di cloí leis an múinteoireacht. B'iad na léitheoirí óga a scaip an focal, go ciúin i dtosach agus ansin ina rabharta. Léiríú follas eile nach iad na bainisteoirí is fearr fios.

Is annamh éileamh chomh fiata a bheith ar leabhar. Cruthúnas é Harry Potter gur caint amú agus brilléis bhaoth an trácht gan dealramh ar bhás an leabhair. Ní bhfaighidh an leabhar bás mar iompraíonn sé scéalta agus iontais agus is iad sin a dheineann daonna sinn. Ní bhfaighidh an leabhar bás mar ní ganntar plugóid ná sreang ná leictreachas chun é a oibriú. Is féidir é a léamh ag an linn snámha, sa leaba, sa leithreas. Dá gceapfaí an leabhar inniu bheadh sé ar an bhfionnachtain is míorúiltí amuigh.

Ina choinne sin, don ghnáthphobal is rud nua ar fad é an leabhar. Bhíodh leabhair ann ar feadh cúpla míle bliain, ach leabhair iad do na sagairt, don chléirceacht, don drong dar dual a n-úsáid. Ach b'in mionlucht laistigh de mhionphobal de mhóruaisle, cléir nó tuata. Sibhse atá á léamh seo, má tá sibh fós liom chomh fada seo, is dream pribhléideach sibh. Ní pribhléid de thoisic go bhfuil na focail áirithe seo á léamh, gan amhras, bíodh gur mhaith liom saobhthuairimí samhailta mar sin a thabhairt chun m'aigne ó am go chéile. Is pribhléid é mar ar feadh an chuid is mó ar fad de stair an chine dhaonna ní raibh léamh ná scríobh ag an bhformhór mór mór de na daoine a tháinig, a chuir allas, is a d'imigh. Ní hea amháin nach raibh léamh ná scríobh acu, ach ní raibh a fhios acu léamh agus scríobh a bheith ann. Níor airigh siad pioc i dtaobh an leabhair, ní áirím ceann a léamh ná a láimhseáil.

Chuala siad scéalta nach raibh neamhchosúil le héirim scéalta an draíodóra óig (atá ag dul in aois). Scéalta faoin olc agus faoin maith, scéalta nach bhfuil aon deighilt mhór iontu idir an saol crua réadach iarbhír agus an saol eile, bíodh an saol eile sin lastuas dinn le déithe na spéire, nó laistíos i measc na sióg, nó amuigh ansin san aimsir fháistineach, nó istigh ansin inár gcuid taibhrithe agus sníomhadóireachta intinne. Is iad scéalta Harry Potter scéalta Fiannaíochta na linne seo agus níor dheacair teacht ar abhlachas an Tiarna Voldemart agus Dumbledore ar shluaite na Féinne, faoi mar ba scéalta Rúraíochta iad eachtraí Tolkien timpeall ar Gandalf agus ar Galadriel. Oireann an díriocht mhorálta dúinn, agus an eachtra mhór agus an bua a bheith ag an taobh ceart. Chuala buachaill laistiar díom sa phictiúrlann lá agus mearbhall go brách air maidir le cén seasamh

a bhí ag na carachtair. ‘Is ea,’ ar seisean lena chompánach, ‘ach cé hé an *goodie* agus cé hé an *baddie*?’

Nuair a thosaigh daoine ag léamh go fairsing is scéalta mar iad seo a léigh siad, gan amhras. Is maith le daoine an tsimplíocht. Is maith leo a fhios a bheith acu cé tá leo agus cé tá ina gcoinne. Na húrscéalta ba mhó éileamh, lean siad an fhoirmle chéanna seo, agus d’fhág siad an chastacht meoin agus ilchúiseanna bhun an ghnímh lasmuigh san fhásach.

Is iontach go bhfuil oiread daoine amuigh ansin an tseachtain seo ag léamh ar son an phléisiúir amháin. Ní chun an t-am a chur thart, ná an uain a chaitheamh, ach chun pléisiúr amh nochtaithe oscailte gan leithscéal a bhaint as leabhar. Níor chuige sin formhór mór na leabhar a foilsíodh suas go dtí uair éigin sa naoú haois déag sna tíortha a raibh litearthacht iontu. Leabhair teagaisc agus foirceadail ba ea an mhórchuid go dtí sin. Pléisiúr nua de chuid an chine dhaonna é pléisiúr na léitheoireachta.

An mó duine a léigh leabhar Gaeilge roimh an bhfichiú haois ar son an taitnimh amháin? Oiread agus aon duine amháin? Agus a mhalairt sin timpeall. An mó leabhar Gaeilge atá ann arbh fhiú iad a dhó? Léigh daoine *Séadna* agus léadh é os ard go poiblí. Bhí daoine i dTír Chonail ag fanacht leis an gcéad leabhar eile ó Mháire. Cheannaigh an pobal Duibhneach leabhair lena gcuid údar féin féachaint an raibh siad iontu. Is ann do phobal léitheoirí ach é a aimsiú agus tá foilsitheoirí áirithe ar an mbionda ag iarraidh teacht ar an bhfoirmle cheart.

Ach an mó léitheoir a cheannaigh an Harry seo againn féin?

Le caoinhead ó *The Irish Times* agus ón údar.